

**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil  
Ollscoil Mhá Nuad**



**Teastas Eorpach na Gaeilge  
Bonnleibhéal 1 (A1)**

**Scrúdú Cainte  
Scrúdú samplach 1**



**Note**

In this document you'll find sample examination materials (as Gaeilge), including sample roleplay cards and a sample picture for the picture description section. For examination guidelines and a detailed description of the examination format, please see [Syllabus and Guidelines for Candidates](#).



## An Scrúdú Cainte

Tá 40% de mharc iomlán an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.

Tá trí chuid sa scrúdú:

<b>Comhrá ginearálta</b> 3-4 nóiméad	Cuirtear roinnt ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (baile, teaghlach, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal, srl.)
<b>Rólghníomhaíocht</b> 2-3 nóiméad	(a) Tugtar cárta don iarrthóir 5 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú. Tá eochairfhocail ar an chárta a bhaineann le ranganna oíche, bialann nua, teach ar cíos, srl. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dáta / am / áit / costas / uimhir theileafóin, srl. (b) Ansin cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi áit nó imeacht atá cosúil leis an cheann atá léirithe ar an rólchárta. (Ní thugtar aon leideanna).
<b>Cur síos ar phictiúr</b> 2-3 nóiméad	Cur síos ar radharc éigin i bpictiúr. Tugtar pictiúr d'iarrthóirí agus bíonn nóiméad amháin acu chun féachaint air. Iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl sa phictiúr. Léirítear daoine sa phictiúr ag glacadh páirte i ngnáthimeachtaí an lae, m.sh. ag siopadóireacht / ag dul ar bhus / ag féachaint ar an teilifís / ag obair, srl.

## CUID 1: Comhrá ginearálta

Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 3-4 nóiméad.

- **An réamhchaint** (gan marc ar bith)

*Cuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna an-bhunúsach ar an iarrthóir ag an tús chun é/í a chur ar a s(h)uaimhneas.*

*Seo roinnt samplaí de na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfaí a chur sa rannóg seo:*

Dia duit / Dia is Muire duit.

Cad é mar tá tú? / Cén chaoi a bhfuil tú? / Conas tá tú?

An bhfuil tú go maith?

Cad is ainm duit? / Cá hainm atá ort? / Cén t-ainm atá ort?

Tá sé deas bualadh leat.

- **Ceisteanna sa scrúdú féin**

*Déanfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a roghnú ó roinnt de na topaicí atá le fáil sa siollabas, mar shampla: cúlra agus áit chónaithe, an teaghlach, cúrsaí oibre, caitheamh aimsire, laethanta saoire agus taisteal agus araile.*

*Seo thíos samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfear:*

Cá bhfuil tú i do chónaí?

Cén obair a dhéanann tú?

Cén áit a bhfuil tú ag obair?

An imríonn tú aon spórt?

An dtéann tú go dtí an phictiúrlann?

An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?

## CUID 2: Rólghníomhaíocht

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 2-3 nóiméad.
- Tabharfaidh an feitheoir ceann de na cártaí rólghníomhaíochta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosóidh an scrúdú cainte ionas go mbeidh am aige/aici ullmhú.
- Ní bheidh cead ag an iarrthóirí aon nótaí, aon acmhainní ná aon fhoclóirí a úsáid chun cabhrú leis/léi.
- Níor cheart don iarrthóir scríobh ar an chárta agus baileoidh an scrúdaitheoir an cárta uaidh/uaithi ag deireadh an scrúdaithe.

### Rólghníomhaíocht shamplach 1: Fógra faoi cheolchoirm

- Tá eolas thíos faoi dhá cheolchoirm ar leith: ceann a chonaic an t-iarrthóir i nuachtán agus ceann eile a chonaic scrúdaitheoir. Beidh cárta amháin acu sin (Cárta an iarrthóra) ag an iarrthóir sa scrúdú.
- Sa chás thíos, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar tús faoin cheolchoirm a chonaic seisean/sise. (Tá léiriú air seo sa chomhrá samplach thíos.)
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, cuirfidh an t-iarrthóir na ceisteanna céanna ar an scrúdaitheoir faoin fhógra do cheolchoirm atá aigesean/aicise chun na sonraí céanna a fháil, e.g. ionad, áit, am/oíche, costas, áit le heolas breise a fháil.

#### Cárta an iarrthóra

**Rólghníomhaíocht 1 (fógra faoi cheolchoirm)**

- Seo thíos fógra a chonaic tú sa nuachtán. Tá fógra ag an scrúdaitheoir faoi cheolchoirm eile.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh sé/sí ort faoin cheolchoirm atá agatsa.
- Ansin cuir ceisteanna air/uirthi faoin cheolchoirm atá aigesean/aicise.

**ÓSTÁN NA FARRAIGE**  
An tSráid Ard, An Spidéal,  
Co. na Gaillimhe

**Ceolchoirm mhór**  
Ceoltóirí áitiúla  
Amhráin ó Chonamara & Maigh Eo

Beidh an cheolchoirm ar siúl oíche  
Aoine 4 Iúil ag tosú ag 8.30 pm  
Ticéid: €20 (€10 páistí)  
Gach eolas: (091) 764964

#### Cárta an scrúdaitheora

**Óstán na Farraige**  
An tSráid Ard, an Spidéal,  
Co. na Gaillimhe

**Ceolchoirm mhór**  
Ceoltóirí áitiúla  
Amhráin ó Chonamara & Maigh Eo

Beidh an cheolchoirm ar siúl oíche Aoine  
4 Iúil ag tosú ag 8.30 pm  
Ticéid: €20 (€10 páistí)  
Gach eolas: (091) 764964

#### Comhrá samplach

**S: Cá bhfuil an cheolchoirm ar siúl?**

I: In Óstán na Farraige.

**S: Agus cén áit a bhfuil sé sin?**

I: Ar an tSráid Ard, sa Spidéal i nGaillimh.

**S: Cén oíche a bheidh sé ar siúl?**

I: Oíche Aoine, an ceathrú lá de mhí Iúil.

**S: Cén t-am a mbeidh sé ag tosú?**

I: Ag leathuair tar éis a hocht.

**S: Agus cé mhéad atá ar na ticéid?**

I: Fiche euro nó deich euro do pháistí.

**S: Cén áit ar féidir tuilleadh eolais a fháil?**

I: Is féidir glaoch ar an uimhir 091 764 964.

**S: Go raibh míle maith agat.**

## Rólghníomhaíocht shamplach 2: Cúrsa Gaeilge

- Tá eolas thíos faoi dhá chúrsa Gaeilge ar leith: fógra a chonaic an t-iarrthóir i nuachtán agus fógra eile a chonaic scrúdaitheoir. Beidh cárta amháin acu sin (Cárta an iarrthóra) ag an iarrthóir sa scrúdú.
- Sa chás thíos, cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar tús faoin fhógra a chonaic seisean/sise. (Tá léiriú air seo sa chomhrá samplach thíos.)
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, cuirfidh an t-iarrthóir na ceisteanna céanna ar an scrúdaitheoir faoin fhógra atá aigesean/aicise chun na sonraí céanna a fháil, e.g. áit, oíche, am, costas, áit le heolas breise a fháil.

### Cárta an iarrthóra

#### Rólghníomhaíocht 2 (Fógra faoi Chúrsa Gaeilge)

- Seo thíos eolas faoi Chúrsa Gaeilge a chonaic tú i nuachtán. Tá cárta eile ag an scrúdaitheoir faoi chúrsa eile ar fad.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoin chúrsa.
- Ansin cuir ceisteanna air/uirthi faoin fhógra atá aigesean/aicise.

**Cúrsa Gaeilge**  
Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim?  
Tá cúrsa nua ag tosú!  
  
Áit: Scoil an Phobail  
Am: Gach Luan 7.00 – 8.30pm  
Dáta: 02.09 go dtí 03.12  
Costas: €90  
  
Gach eolas: (054) 820190

#### Comhrá samplach

- S:** **Cá mbeidh an cúrsa ar siúl?**  
**I:** I Scoil an Phobail.
- S:** **Cén oíche a bheidh sé ar siúl?**  
**I:** Gach oíche Luain. Beidh an cúrsa ag tosú ar an dara lá de Mheán Fómhair agus beidh sé ag críochnú ar an tríú lá de Nollaig.
- S:** **Cén t-am a mbeidh an rang ar siúl gach oíche?**  
**I:** Idir a seacht agus leathuair tar éis a hocht.
- S:** **Cé mhéad a chosnaíonn an cúrsa?**  
**I:** Nócha euro.
- S:** **Cén áit ar féidir tuilleadh eolais a fháil?**  
**I:** Is féidir glaoch ar an uimhir (054) 820190.
- S:** **Go raibh míle maith agat.**

### Cárta an scrúdaitheora

**Cúrsa Gaeilge**  
Áit: Bunscoil na Carraige  
Am: Gach Déardaoin 7.30–9.00pm  
Dáta: 03.09 go dtí 02.11  
Costas: €60  
  
Gach eolas: (021) 543786

### CUID 3: Cur síos ar phictiúr

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú 2-3 nóiméad.
- Tabharfaidh an scrúdaitheoir cóip den phictiúr don iarrthóir.
- Beidh nóiméad amháin ag an iarrthóir le breathnú ar an phictiúr.
- Ansin déarfaidh an scrúdaitheoir ‘An féidir leat cur síos a dhéanamh ar na rudaí éagsúla atá le feiceáil sa phictiúr seo?’.
- Ba chóir don iarrthóir ansin cur síos a thabhairt ar an phictiúr.
- Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceistanna breise (e.g. ‘Cad é atá ar siúl ag X?’, ‘Cá bhfuil an bus ag dul?’) má bhíonn eolas breise ag teastáil.

